2024/3123

13.12.2024

**CINNEADH (AE) 2024/3123 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 5 Nollaig 2024**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste sin a mhéid a bhaineann le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara is infheidhme ón 1 Eanáir 2025**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ('an Coinbhinsiún') i gcrích le Cinneadh 2013/94/AE ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm i ndáil leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012.

(2) De bhun an Choinbhinsiúin, féadfaidh an Comhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún ('an Comhchoiste') cinntí a ghlacadh chun an Coinbhinsiún a leaú.

(3) Leasaíodh an Coinbhinsiún le Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste ([2]) a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025. An 7 Nollaig 2023, ghlac an Comhchoiste Moladh Uimh. 1/2023 ([3]) maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin. Chun creat dlíthiúil soiléir a sholáthar agus comhsheasmhacht a áirithiú in úsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach i gcomhthéacs an aistrithe ó na rialacha atá sa Choinbhinsiún faoi láthair go rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin a thiocfaidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025, ba cheart Cinneadh Uimh. 1/2023 a leasú ionas go n-áireofar sa Choinbhinsiún athbhreithnithe na ceanglais ghinearálta maidir le cruthúnais tionscnaimh a eisiúint go leictreonach in Airteagal 17(4) d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún athbhreithnithe.

(4) Tá an Comhchoiste, le linn an 16ú cruinniú a bheidh aige agus atá le bheith ar siúl an 12 Nollaig 2024, nó trí nós imeachta i scríbhinn, le cinneadh a ghlacadh maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gCinneadh ón gComhchoiste.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara, ag an 16ú cruinniú den Chomhchoiste, nó i nós imeachta i scríbhinn, a mhéid a bhaineann le Cinneadh Uimh. 1/2023 den Chomhchoiste sin maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

([1]) Cinneadh 2013/94/AE ón gComhairle an 26 Márta 2012 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO L 54, 26.2.2013, lch. 3).

([2]) Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO L, 2024/390, 19.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/390/oj).

([3]) Moladh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste um an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach (IO L, 2024/243, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/243/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Nollaig 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

NAGY B.

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. …/2024 ÓN gCOMHCHOISTE UM AN gCOINBHINSIÚN RÉIGIÚNACH MAIDIR LE RIALACHA TIONSCNAIMH FABHRACHA UILE-EORA-MHEÁNMHARA**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a mhéid a bhaineann le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin sin is infheidhme ón 1 Eanáir 2025**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ag tús 2020, chuir an Coimisiún in iúl do na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ('an Coinbhinsiún') nárbh fhéidir le tromlach na bPáirtithe Conarthacha deimhnithe gluaiseachta a sholáthar chun críoch tionscnaimh fhabhraigh i bhfoirm chuí, is é sin, deimhnithe arna síniú de láimh, arna stampáil ag na húdaráis chustaim i ndúch fliuch nó san fhormáid pháipéir cheart, mar gheall ar phaindéim COVID-19, ar cuireadh teagmháil idir na húdaráis chustaim agus na hoibreoirí eacnamaíocha ar fionraí lena linn i gcás roinnt Páirtithe Conarthacha.

(2) Mheas formhór na bPáirtithe Conarthacha go raibh sé iomchuí bearta eisceachtúla a ghlacadh chun cur chun feidhme iomlán na socruithe trádála fabhracha a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún a áirithiú. Bhí na bearta eisceachtúla sin infheidhme ar bhonn cómhalartach ag na Comhpháirtithe Trádála a bhain úsáid as na forálacha ábhartha sna rialacha tionscnaimh.

(3) Le linn phaindéim COVID-19, d'fhorbair nó d'oiriúnaigh roinnt Páirtithe Conarthacha córais leictreonacha a bhí ann cheana chun deimhnithe a eisiúint go leictreonach chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le solúbthacht agus an gá atá leis na ceanglais maidir le formáid na ndeimhnithe gluaiseachta a chomhlíonadh, ceanglais a áirítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

(4) Iarradh ar údaráis chustaim na bPáirtithe Conarthacha glacadh le deimhnithe gluaiseachta chun críoch tionscnaimh fhabhraigh, ar deimhnithe iad a eisítear go leictreonach agus síniú digiteach, stampa digiteach nó séala digiteach de chuid na n-údarás inniúil orthu, nó cóip díobh i bhfoirm páipéir nó leictreonach (iad scanta nó ar fáil ar líne) bunaithe ar an tsolúbthacht dá bhforáiltear in Airteagal 24 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

(5) Cuireadh iarraidh ó Pháirtí Conarthach amháin in iúl don Chomhchoiste, ag an gcruinniú dá chuid a tionóladh an 16 Meitheamh 2022, go gcoinneofaí na dea-chleachtais a tugadh isteach faoi na bearta eisceachtúla a glacadh le linn phaindéim COVID-19 chun go mbainfeadh na hoibreoirí eacnamaíocha tairbhe as digitiú deimhnithe gluaiseachta.

(6) D'admhaigh na Páirtithe Conarthacha gur taithí dhearfach a bhí sa taithí a fuarthas maidir le deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach a úsáid sa trádáil fhabhrach faoi na bearta eisceachtúla a glacadh de bharr phaindéim COVID-19 agus gheall siad go leanfaidís de na dea-chleachtais a tugadh isteach faoi bhearta eisceachtúla den sórt sin trí oibriú le chéile chun córas comhchoiteann a thabhairt isteach a bheadh bunaithe ar chruthúnais tionscnaimh a eisítear go leictreonach agus ar chomhar riaracháin leictreonach laistigh den réigiún Uile-Eora-Mheánmhara.

(7) An t-aistriú chuig córas lena n-eisítear deimhnithe gluaiseachta go leictreonach agus lena ndéantar foráil maidir le comhar riaracháin leictreonach faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin, measann na Páirtithe Conarthacha gurb é atá san aistriú sin an chéad chéim i dtreo cruthúnais tionscnaimh a dhigitiú go hiomlán ar scála réigiún Uile-Eora-Mheánmhara, go háirithe i bhfianaise theacht i bhfeidhm an leasaithe ar an gCoinbhinsiún le Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste ([2]).

(8) Le córais atá ceaptha chun deimhnithe gluaiseachta a eisiúint go leictreonach, ba cheart an deis a thabhairt d'údaráis chustaim na bPáirtithe Conarthacha barántúlacht na ndeimhnithe sin a sheiceáil láithreach.

([1]) IO L 54, 26.2.2013, lch. 4.
([2]) Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO L, 2024/390, 19.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/390/oj).

(9) An 7 Nollaig 2023, ghlac an Comhchoiste Moladh Uimh. 1/2023 ([3]) maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin. Dá bhrí sin, chun creat dlíthiúil soiléir a sholáthar agus chun comhsheasmhacht a áirithiú maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach i gcomhthéacs an aistrithe ó na rialacha atá ann faoi láthair sa Choinbhinsiún go dtí rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin, a thiocfaidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025, ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Uimh. 1/2023 a leasú chun na ceanglais ghinearálta maidir le cruthúnais tionscnaimh a eisítear go leictreonach a chur san áireamh i rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Déanfar Cinneadh Uimh. 1/2023 a leasú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. Tiocfaidh na leasuithe ar Chinneadh Uimh. 1/2023 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann an Chomhchoiste*

*An Cathaoirleach*

([3]) Moladh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste um an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach (IO L, 2024/243, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/243/oj).

*IARSCRÍBHINN*

*Airteagal aonair*

**Leasú ar Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste um an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara**

I bpointe (5) den Airteagal Aonair den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2023, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 d'Airteagal 17 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara:

'4. Chun críocha mhír 1, féadfaidh dhá Pháirtí Chonarthacha nó níos mó ná sin aontú eatarthu féin córas a bhunú ina gceadaítear cruthúnais tionscnaimh a liostaítear i mír 1 a eisiúint go leictreonach agus/nó a chur isteach go leictreonach.

Go dtí go mbunófar córas den sórt sin, glacfaidh na Páirtithe Conarthacha le deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach nuair a chuirtear isteach iad tráth an allmhairithe, ar choinníoll:

(a) go bhfuil na deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach bunaithe ar an sampla dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV;

(b) go ndéanann údaráis chustaim an Pháirtí Chonarthaigh is onnmhaireoir foráil maidir le córas slán ar líne chun barántúlacht na ndeimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach a fhíorú;

(c) go bhfuil sraithuimhir uathúil ar na deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach agus, má tá fáil orthu, gnéithe slándála trínar féidir iad a shainaithint; agus

(d) go ndéantar an dáta óna gcuirfidh Páirtí Conarthach tús le deimhnithe gluaiseachta a eisiúint go leictreonach a shonrú i bhfógraí arna bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C) agus i gcomhréir le nósanna imeachta na bPáirtithe Conarthacha féin.

Féadfaidh Páirtí Conarthach a chinneadh glacadh deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach a chur ar fionraí i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha a liostaítear thuas agus, sá chás sin, cuirfidh sé na Páirtithe Conarthacha eile ar an eolas faoi sin roimh ré trí rúnaíocht an Chomhchoiste. I gcás fionraí, sonrófar dáta tosaigh na fionraí sna fógraí dá dtagraítear i bpointe (d).'